bfuilim féin amlaidh anosa, et dom baramhail go saóilti-si iarladha Erenn nach bfuighbeadh sibh bar ndiol do mhnaib i n-Erinn fein ; et andar lem-sa as ferr an *contaois* mé fein inas an chaillech gallda úd agat-sa. Arna cluinsin sin don iarla ro mhuidh a gen gle-(Page 238) mhaiseach gaire fair. Niruó cian iársin *gurbo* slan an t-iarla ona galar, et roba marthanach briathra *ocus* aithesca na h-inghine ina menmain, et ro chind occa coiblighe *fria* gan degain dia coibdealachus cecip tan ro soisedh lais. Rugsat as diblinaibh samhlaidh co bfuair an t-iarla an inghen *co n-uathadh* d'aindrip ina farraid go ro comraic *fria* dia h-aimdheoin, *ocus* no-gnathaigedh an ccedna beos gach tan ba tol dó *gur* bo *forreil* forra fo dheoidh indergensat. O ro *airigh* an *contais* gallda an ni sin ros-gabh ferg *ocus* lonnus, et ni ro an go rainicc Port lairge. *Batar* dies do cloinn ag an *contais* risan iarla an tan sin .i. mac et ingen. Risderd ainm an meic et ni fes duin ainm na h-ingine.

§2109. Imthusa inghine iarla Desmuman ro clos co coitchend fona *criochaibh* ba coimnesa di an gníomh sin do-roine, *ocus* at-chúala a h-athair sainredh .i. Seaan, *ocus* nirbo slan lais a menma, *ocus* ros-lín duba et dobron, *ocus* ro chomhairligh *fri* maithibh a muintire cred do genadh.

§2110. Adubhratar-som uile, d'aithescc aeinfhir, *gurbo* cóir ierla Urmum[an] do *testugadh* dia fhios cia freccra no-beradh *isin* gníomh do-roine. Do-ronadh *samlaidh* et ro faoidit *techta* chuga. Roba maith freagra *ocus* aithiusc iarla Urmhumhan *frisna* *techtaibh* sin iarla Desmhuman, *ocus* ro geall co *tíubradh* a oighréir ndó *isin* migníomh do-roine *fria* inghin, et ro *gabadh* la coinne etarra ag Aill na mérog os ur Siuire *sriubhuáine*, *athaidh* mbicc ó mainistir Insi lemnachta siar. Tangatar an da iarla sin .i. iarla Desmuman et iarla Urmhuman *isin* ionadh coinne at-rubhranur, et ro *atar* ar gach taebh don t-Siuir amlaidh sin. Ro chuir iarla Urmuman *techta* d'ionnsaigíad iarla Desmhuman dia radha *fris* techt don leith dia mbaoi féin don abhainn. Ro *triáll* iarla Deasmuman *cona* muintir do thocht ar ammus iarla Urmuman, et an tan rainicc *gusan* ath baoi etorra for an Siuir ro crom an t-ech *fors* mbaoi an t-iarla *for* uiscci an átha dia ibhe *ocus* dos-fuit aradhnach an t-sriain báoi *fris*an eoch dar a cend amach *sechtair* co ttarla imo *cosaibh* co ros-leg *isin* ath co ro thuit an t-iarla dia druim et ro fuadaigh buinne boirbthren na h-abhann *isin* fúdhomain é, go ro baidheadh iarla Desmhuman, .i. Seaan, amlaidh sin.

§2111. Ba h-*isin* ló cedna sin ro chuir inghen iarla Desmuman neimh da h-ullmhugadh don *contais* Saxanaigh. Ba h-amhlaidh do-roíne *indsin* : do-*bert* lestar *sainemáil* co bfiom dia saighid, et ro (Page 239) imbir neimh fair, et ro erail *for* saccart méisi báí ina farradh do *gres* ó'n Mumain, et rob ionrúin le, dol *fris*an ffion co Port lairge d'ionnsaigíad na *contáisi*. Et ro chuir comardha o'n iarla lais dia thaiselbad di *amail* bidh é an t-iarla fodein ro faoidfed dia saigíad, et at-*bert* *fris*an saccart an comharda do thaisbenadh dia ndiultfadh an fion. Do

chóidh, iaromh, an sacart co ranic Port lairge, airm i mbaoi an *contais*, et ar rochtain dó ina lathair at-*bert fris gurbo* hé an t-iarla ros-faoidh dia fiosrugadh-sa *ocus* dia fios sgél, *ocus* go ro chuir araill do fhion shaineamail do riacht ó Eochaill lais chuire-si ; *ocus* do-rat *fris sin* an comardha dhi, *ocus* at-*bert* beos co ttiocfad an t-iarla i cenn ree *fora cenn*, *ocus gurbo* foda lais baói si ina iongnais. Gebais an saccart cupa ina laimh iarom *ocus* ros-lion don fion et do-rad i laimh na *contais* go ros-ibh, *ocus* do-rat an csettina dia h-ingin co n-eisibh fo'n ccumma chetna. Do riachtt, *tra*, Risderd an mac *fora* baire baioisi *ocus* reabraigh bail i mbaoi an saccart *ocus* ro thothlaig digh fair. Do-*bert* an saccart beim dia bais dar a ghnuis *ocus* ro ráidh na tiubrad an fion inmescca don mac óg aeidedhach. Ro chelebaír an saccart iertain don *contaois*, et ní ro airis co ranic an bád ro baoi fri h-iomluchtan daeine thairis ; *ocus* ní ruacht leath na h-abhann an tan at-cuala cluicc an baile uile ag á mbeín. Do-chuaidh-sium, *tra*, *isin* purt et ro airis for ur na h-abhann co riachtatur aroile daoine tairsi *ocus* ro athchomairc-siomh cidh fodera an clocghair at-chuala. Ro aisneidhset dhó *gurbo* h-í an *contais* Saxanach *cona* h-inghin ro écc fo cetoir. Do-taet, imorro, in saccart co scélaibh derbha lais, et ní ro airis co ranic don Carraic, dú i mbaoi a baintigerna, ingen iarla Desmhuman, *ocus* ro innis a scéla ó thus co deireadh amail do-rala dó, et écc na *contaois* *ocus* a h-inghine. Roba *subhach fortaoilidh* i-sidhe do chloistecht na scéil sin.

§2112. Imthusa iarla Urmhuman (iar mbadud iarla Desmhuman *isin* Siuir amail ro aisneidh-siom), ro asgna go a dúnadh fein dara ais gus an cCarraicc, *ocus* ro forcongair *fora* muintir uile i pein a n-anma *ocus* a mbais ceilt an sceoil forcaomnacair arna rocluinedh ingen an iarla écc a h-athar. O ranuic an t-iarla don baile, ní ro fhosaigh bicc an tan do riacht inghen (Page 240) iarla Desmuman dia shaighidh, et at-*bert fris* : Día ffaghbainn a lógh ar sí, nó innisfinn scela na fuarais fein duit. Fo-ghebhae, or eisiomh. O ro tingeallais damh indsin, or sí, tesda an *contais* Saxanach et a h-inghen. Iarna cluinsin s n don iarla ros-lion duba et dobron adbhal é, et at-*bert* hi cceann athaidh Dia ffaghbainn-sí lógh n-aile uaibh-si, a inghen, no aisneidhfinn athchommaoin do sceoil duit. Fo-gebhair, dano, or si ; ro naiscc fuirre. Masedh, ar sé, ro báidhedh th'athair-si .i. Íarla Desmhuman, *isin* Siuir aniu. O roba derbh lasan inghin oidedh a h-athar ro thuairg a basa *ocus* ro shil frosa diochra difregra dér, corbo fliuch a bla *ocus* a bruinne, *ocus* ros-lion duba *ocus* doimenma galar *ocus* geresslainte.

§2113. Et as i an inghen sin iarla Desmhuman rucc Semus gallda d'iarla Urmhuman, et as ar sliocht an t-Semais gallda sin atát Buitléraigh chathrach dhúin iásgaigh forsan Siuir. Ro chuir an t-iarla úadha í iar sin, et ro baoi ag Mag Tómais íaromh.

§2114. Sémus Buitler .i. an t-iarla fionn, ruccad triur mac dó .i. Sean, do-chuaidh dia oillthre don Spainn .i. go cathair San Sem ; Sémus, do bi ina iarla O Volser, an dara mac ; Tomás, iarla na h-olla.

Ocus as é áit a bfuair an t-Iarla fionn bas : ag ath Fir diadh ; *ocus* hi mainistir ¹ i mBaile atha cliath do h-adhnaiced hé.

§2115. Seaan Buitler *mac* Semais iarla Urmhuman et Volsir, et do chúaidh día oilithre *ocus* fuair bas i ndIérusalem : diobadh gan sliocht *acht* aenmhac basdaird rucc inghen Ui Briain dó .i. Semus dubh.

§2116. Tomás Buitlér *mac* an Iarla fhind, iarla Urmhumhan *ocus* Volsir, diarbho h-ainm Iarla na h-olla, ni raibe do cloind aicce *acht* dias inghean .i. Mairgreg, do posadh re ¹ Builin, et as í rucc Sir Tomas Builin alias Lord Risford, et ruccad inghen dó diarbho h'ainm Anna Builin baoi ina mnaoi ag an ochtmadh Henrí .i. rí Saxan, et as hi rucc Elizabeth ingen King Henri ro baoi ina bainrioghain ar Saxaibh, ar an Frainc, et ar Erin, et as 'na h-aimsir ro sgríobadh an chairt as ro scriobadh so, anno .M. ccccc. xx.iii. ; an dara h-inghen do Tomas Buitler, iarla na h-olla, do pósadh re Salender, et ar a sliocht ata Barun Caro aníú.

§2117. Ar n-imthecht don Íarla fhionn gan oidhre, *acht* mar adubramar romainn, as é roba foiccsiu gael dó a dhearbhrathair fein .i. Sir Risderd, uair ba h-ionann athair (*Page 241*) et mathair don Íarla fhind et do Risderd ; inghen Íarla of Volsir a mathair diblinaibh. Do thuit an iarlacht amlaidh sin do reir ceirt dochum sleachta Sir Risderd mic Iarla Gabhrain. An Sir Risderd sin mac Íarla Gabhrain, ruccadh mac dó .i. Sir Émann, et as don Emann sin do goirthi Mac Risderd. As hi roba baincheiliu dhó, Sile inghen Uí Cerbaill, et rucc si cethrar mac dhó : Semass, Seaan, Emann, Uater. Semas .i. an t-oidhre, as ar a sliocht ata an iarlacht. Seaan, o bfuilit sliocht Baile phonsa. Emann, o fuilit sliocht an Iach caim. Uater, o fuilit sliocht choille an Buitleraigh.

§2118. Semus Buitler *mac* Emaind mic Risderd, as í roba baincheiliu dhó, Sadhb chaemanach ingen Domhnaill riabaigh ri Laighen. Rug si cethrar mac dó .i. Píarus, Emann, Tomas, Seaan. Ar sliocht an Emainn sin ata sliocht an Iach caim. Píarus Buitler *mac* Semais et Tomás do thuit i caislén an Pairínigh. Seaan Buitler, athair Chaitilin ingen t-Seaain baoi ag Ó cCerbhaill *ocus* ag Mac Giolla patraicc et ag Ua Mordha, et Mairgrege ro baoi ag an Plonsinech. Tomas do thuit hi caislén an Bhairínigh *ocus* do-chuaid gan sliocht o aimsir an Iarla find go bas Tomais na h-olla. Ni rabhator sliocht MecRisderd *acht* ina rideribh ro-uaisle i ndíaidh a chele et ina tighernaibh tíre do thoil Seaain iarla et Tomáis a dherbhrathor.

§2119. Ar bfaighbhaill bhais do Tomas Buitlér, iarla Urmhuman .i. iarla na h-olla, as e dob oidhre diongmhala ar sliocht MicRisderd dochum ar thuit an iarlacht do reir ceirt .i. Píarus mac Sémais, et as de do goiredh iarla Osraighe ar tús riamh i nn-aimsir an ochtmadh King Henri do beith ina rígh ar Shaxaibh. Et do bi an Píarus sin ina Justis *ocus* ina aird-tresurer i n-Érin, et rob é ba h-ainchliath

¹ MS. blank.

dhióna et foscaith Gall *ocus* *Gaeidel Ereann* ina aimsir. Ro baoi deirbhshuir aige .i. *Mairgreg*, et do pósadh hi re Seoirsi *Plémenn* mac an Barúin, et ruc mac *ocus* inghen dó .i. *Semus Plemenn*, *ocus* *Elinor ainm* na h-ingheine *ocus* do pósadh hi re h-*Almurach Liuanais*. As hí, imorro, fa bainchele do *Píarus Buitlér*, *Mairgreg* inghen *Geroid* inghen iarla *Cille dara*, an aoinbhean rob *fer* crabadh et oineach et as mo do-rinne do mhaith ina h-aimsir. Rug an (*Page 242*) *Mairgrécc sin triar* mac do *Phiarus*: *Semus*, *Tomas*, et *Risderd*; *ocus* *seiser* inghen .i. *Mairgrecc* (baoi ag *Tomas*, mac et oidhre *Iarla Desmuman*, *ocus* baoi ag *MacUilliám* ina diaidh sin, *ocus* ag *Mac Giolla patraicc iaromh*, *ocus* ag *MaccPiarais* fa deoidh .i. *Semas*), et *Elis* (baoi ag *Geralt mac Seaain mic Geroitt* is na *Déisibh*), et *Caitilin*, (ro baoi ag *Risderd Puer*, *ocus* ina diaidh sin ag *Sémas mac Seaain mic Tomais* .i. *Iarla Desmuman*), et *Elinor*, (baoi ag *Tomas Buitlér tigerna* na *Cathrach*), et *Oilen*, (ro baoi ag *Ua mBriain*, *ocus* ag *Donnchad mor Ua mBriain*).

§2120. *Tomas Buitlér* mac *Piarais* do tuit re h-*Osraighibh*, an dara mac do *Phiarus Buitler* eisidhe, et ro imthigh gan sliocht gan oidhre.

§2121. *Risderd Buitlér*, an tres mac, *Uicont Mota gairett*.

§2122. *Semus Buitler* mac *Iarla Urmhuman* *ocus Osra'ghe* *ocus Aird-Tresurer* na h-*Ereann*, as í roba bainchele dho, *Siubhan ingen Semais Mic Muiris* .i. inghen *Iarla Desmumhan*.

§2123. *Clann Risderd Buitlér*: *Emann*, *Piarus*, *Tomas*, *Seaan*, *dibaidh*. As iat a clann inghen: *Mairgrecc*, *Elis*, *Elinor*, *Oilen*.

[GERALDINES]

- §2123a. (*Page 243*). Ga med ngabhal fuair Ére
 lenamm d'iul gach áeinreimhe
 dul da riom as dlighedh damh
 an lion cinedh ler cosnadh.
Cedghabhail tanic is-tir 5
tri caoimnghena *Caiín*
 mas gabhail í gen gurb eadh
 si nochan f[h]urail d'aireamh.
Triar iasgaire da éis soin
 tar muir le h-eigen n-anfoidh 10
 tanuicc go fiadh fionnglan *Fáil*
triar dob iongnadh da fhágbháil.
Ceasair is *Fionntain* fuair bladh
 tangatar toiscc dob iongnadh
 fo dhaigh an achaid dob fherr 15
 athaid re ndáil na díleand.
 I ccrich *Fhodla* an fhochain gloin
 tig *Partholon* d'eis *Fhiondtoin*
Neimedh a ndeóidh na druinge
 ni deiredh eóil aguinne. 20

- Fir bolg arís ní rían mion
do ghab Erinn d'eis Neimedh
is tuath Dé na *ndeadhaidh* soin
as meabhair é re h-eolchaibh.
- Ni airmhim fine Fomhra 25
drong anaithnid allmhordha
an gabail nachar ghabh greim
acht car anshoidh ar Erind.
- Clanna Miledh fa mo glonn
rug ó thúathaibh Dé danond 30
cendus tire fódghloin Fáil
an ógbhoidh fhíre a hEaspáin.
Ar crích Fodla ga ferr cairt
gabail Muiris mac Gerailt
geall úaim nochan f[h]urail di 35
gabail as fherr fhuair Érí.
- In iath Erenn da éis sin
dob iomdha séula suaithnidh
gan aontolaigh i clár Cuinn
nach lán d'aoltoraibh aguinn. 40
Nír ghabh aóinrí riamh roimhe
dar f[h]uaigh inis Laeghoire
ar gheabh an uairsin re a ais
fer do uaisligh an eacclais.
- Coicc bliadna fichet fuair nós 25 45
i nErind dob é a iomthós
go bfuair bas noch a brécc dhamh
a ecc do *badh* cás cumhadh.
Ionadh an righ ní reim dis
gabhais Gearuilt mac Muiris 50
i ccathaib gur fhuair an eing
noch an f[h]úair athaidh d'Erinn.
- Da bliadain décc deimhin soin
tríocha bliadain do bliadnoibh
gan a dheighfhios nírligh me 55
ag sin reimhios a ríge. 42
(Page 244). Sealbh coimheda insi hAirt
gabhais Muiris mac Gerailt
ar a sgath do bhi an Banba
do-chi cach a chomhardha. 60
- Caocca bliadan as *becht* lind 50
dobadh giustis é ar Erinn
nírligh so an saoghal i sedh
a naomadh do fa dheiredh.
Ocht mbliadna a n-ait a athar 8 65
Tomas mór gan merachadh

- da aithribh nó uadha a-le
ni chuala a aithghin d'oidhre.
- D'eis Tomais nar eitigh fer
ágh Seaain ar gort Gaeidheal 70
ccithre bliadna do bi a smacht 4.
ca ni as diamra da ndubart.
- Seaan is Muiris a mhac
tú it aonar d'eis na saorslat
frith mar soin a Ére th'fhaill 75
tre ghoin do chele i Callainn.
- Do bi an tir-si fa ttug laimh
oidhre Muiris *míc* Seaain
diamhair thiocha mar do fhas
da bliadain *trí*ocha ag Tomás. 32. 80
Tar éis Tomais tuar báidhe
do Muiris fhoid f[h]ionnmháighe
riaghla nar coilledh re cloind
do-roindedh iarla agoinn.
- Ar Erind i n-ionadh riogh 85
gor chabhair í ar gach n-imshníomh
do bi an t-Iarla ag *techt*a i troitt
tri bliadna certa ar chaoccoitt. 53
- Tug tar eis an Iarla moir
ar a mhac moide an onoir 90
aentogha ler gheabh an gort
nar ben aontomha an iárlacht.
- An iárlacht tar eis *Muiris*
re Muiris ócc aóntuighis
da bliadain do bí na leith 2 95
gan ni d'iarradh le h-ainbhreith.
Gearoitt iarla nár fhaomh geis
san iarlacht tar eis *Muiris*
do len an rí an reachtt roime
do bi a theacht i tarrngoire. 100
- Da n-aireamh ós edh rachatt
bliadain re cois cethrachat 41.
do bi a thren i muigh Muman
scél ara bfuil fiadhnuadh.
- Do ghabh Seaan san aois óig 105
an iarlacht tar eis Geróitt
ni fhuair as é 'na iarla
do ré acht uain aoinbliadna. 1.
- Tomas iarla nar dhiult dáimh
san iarlacht *tár* eis Seaain 110
fiche bliadain búan a smacht
riagail uadh ar an iarlacht. 20

- Semus mac Geroitt* do ghabh
co h-iomlán iarlacht Mumhan
leim tar tí tucc ó *tossaigh* 115
co rug sí ar an Sémossoin.
- (Page 245). Do shlán a aithghin d'faghbháil
a fhir le na h-áil iomarbaigh
tairis sin do ríaghla rind
do righ nó d'iarla i nÉrind. 120
Da fichit bliadhain bunaidh
da bliadain do ar Deasmumhain 42
cain gach tíre do thabhaigh
i righe saimh siodhamhail.
- Do ghabh Tómas *tanic* lais 125
an iarlacht tar eis Semais
cuig bliadna do bí ar a iocht
fa ri is fa h-iarla i n-einfhecht. 5
.Uii. m*bliadna* fa borb an pais
don iarlacht tar éis Tómais 130
mar braghait do bi i nglas
no go ranaig sí Semas.
- Sémus iarla na ionadh
mo-chin uadh don aithsiobhal
ni fhuair í an ceidsheal le cert 135
do-ní eiccen fan oidhrecht.
Gibe aca lenab ail
roinn [a] eidhreachta d'fhaghail
an ré lán asé Semos
a shlán fan té thaigeros. 140
- Ni fuighthi ag eolcaibh oile
d'éccsibh insi Ughoine
gibe diobh budh diamhra fios
an lion iarla do airmhios.
As í ar mbreath fa deiredh di 145
an lion gabhal fhuair Éri
geall fa dheoidh ag gabhail Gall
ar faghail *gach* eóil agam. Ga mét.

§2124. (Page 246). Aois *Christ* an tan *tanic* Muiris MhacGerailt (ó tát Geraltocch) et Roibert MacStiamna (ó tat clann t-Slemni) in *Erind*. Clann enmathar iatt *araon*, *ocus* *araon* la Diarmait MacMurcadha do denamh gabhaltais i *nn-Erind* tangatar ar *furaileamh* a prionnsa, an dara King Henrí rí *Saxan*, et as ar tarraing Diarmata na nGall do riachtatar an t-sochruidi so Érinn, *amail innises* an Camperens, anno .M.C.LXX. Acht chena roba tóiseacha Roiberd MacStiamna et Diarmait MacMurcadha ina Muiris MacGerailt. Muiris do theacht ina diaid, et an gabhaltus do thionnsgnadh roime, *amail aisneidhes* an Camperens.

DO MHINIUGAD SENCHUSA GERALTACH, DIA N-OIDHE-DHAIBH, ET DIA MBAS INDSO

§2125. Bás Muiris *Mic*Gerailt hi mi medhoin an fhoghmhair fer mbreith bhúadha ó dheman et ó domhan, anno []¹ da bliadhain *ocus* fiche *iarsin* co marbadh Cuilein úi Chuilein hi crich *Conaill* gabhra isin Mumhain la sliocht an *Muiris* sin.

§2126. Bás Gerailt *mic* Muiris, Justis na hEre~~n~~n, M.CC.U.

§2127. Bas Muiris *mic* an Gearailt *sin* fonduir na mBrathar minor i nEóchoill, oir as é ro edbair mainistír Eochaille do Dia *ocus* do naom Francis, et baoi fein ina brathair isin mainistír iarna forbhadh, anno M.CC.L.Uii.

§2128. Bas Tomais *mic* Muiris, M.CC.LX.

§2129. Bas Seaain et a *mic* .i. *Muiris* a cCallainn glinni ua ruactain i nDeasmumhain ; et as e an Seaan *sin* tug mainistír Tragha lí amach do Dhia ar a anmain féin athaidh riana bhas ; et as é an Seaan so mac Tomais *ocus* a mac *Muiris* ceiddias do Geraltachaibh do h-adhnaicedh i mainistír Tragha lí, *ocus* isin taobh thuaidh di ro h-adnaicir, M.CC.LXX, et do baoi an Seaan *sin* gan sliocht air ag fagail bais do *acht* bean a *mic* torrach, et do cuireadh clann mor oile chuirce riana bás .i. *Muiris* buidhe ua Cinmeidigh o bfuilit clann *mic* an Ridire, et Gibun úa Cuindin o tat clann Gibún, Seaan mór ua Cuilein a quo clann Seaain moir na sursuindi, Tomas a quo clann Tomais an triucha. An bliadhain cedna torchair Finghin renda roin, ri Deasmhuman *ocus* ó cCairpri, la Miles Do Cursa.

§2130. Ar mbreith an toirrchesa adubhramar .i. Tomas mac *Muiris mic* Seaain *mic* Tomais, naoi mbliadhna .x. ar .xx. dho i tigernus co bfuair bas i caislén (*Page 247*) núa o cConaill et ro h-adnaicedh e hi Traicch lí ie mbreith buadha ó dheman et ó domhan, et as é an Tomas so an naoidhe rug an appa lé ar beind mainistrech Tragha lí. Bas Tomais *mic Muiris mic* Seaain *mic* Tomais *mic Muiris mic* Geruilt, anno M.CC.XC.UI.

§2131. Bas *Muiris mic* Tomais, céittiarla Desmhuman et Justis na h-Ere~~n~~n i n-Ath cliath, M.CCC.L.U.

§2132. Bas a meic .i. *Muiris mac Muiris*, an dara h-iarla, M.CCC.L.UII.

§2133. Bas Seaain *mic Muiris mic* Tomais, an tres iarla, M.CCC.LX. IX.

§2134. Bas an cethraime h-iarla .i. Geroitt mac *Muiris isin* Caislen núa, M.CCC.XC.IX.

§2135. Bas an choigeadh h-iarla .i. Seaan mac Geroitt .i. a badadh i n-ath Arda fionain for Siuir, M.CCC.XC.X.

§2136. Bás *Muiris mic* Geroitt an seiseadh iarla, M.CCCC.I.

§2137. Bás an seachtmad iarla .i. Tomas mac Seaain isin Normoint i cathair Rothomaige, M.CCCC.XX.

§2138. Bás hSemais *mic* Geroit, an t-ochtmdhad h-iarla, cenn

¹ MS. blank.

oinigh *ocus* ennamha Fionnghall Erenn ina aimsir, fer ro dherlaic ionmmas *ocus* maoinne iomdha, fer ro medaigh an iarlacht *ocus* do-righne gabaltus for iltíribh, amail ata, Ciarraige cuirce et baruntacht Aine et úi mac Aille et na Cuirinidhe *ocus* aroile cenmothát ; hi caislen núa ó cConaill at-bath iar bforbadh a aoisi, et a adhnacal hi Traigh lí, M.CCCC.LX.II.

§2139. Oidhed Tomáis mic Semais, iarla Desmuman .i. an naomad iarla, as amlaidh tarla dho .i. Seon Tipto .i. iarla o Buseter do thecht i n-Erinn ina Justis, et gairm do cor uadha for Gallaibh Erenn gusan ccomhairle moir co Droichet atha, *ocus* rob olc an chomhairle doronadh andsin .i. Tomas mac Semais, iarla, do dichendedh, gan coir gan cionta, gan cert gan dlígedh, acht tnuth *ocus* format, fer dob fearr dealbh *ocus* denomh gaosis *ocus* gliocus do Gallaibh no do Gaoidelaibh a aimsire Ní ró molta moladh da mhet do tiubarthaoi fair. Ro ghabh aonbhaidh chumadh Goill *ocus* Gaoidil Erenn imon mbás sin. Ro thraothadh *ocus* ro thoirnedh an Tomas iarla so a naimhde *ocus* a escairde i ngach uair hi tachradh friu. Ba mor, tra, an cath ro bris for Buitlerachaibh ag Siuir, *ocus* ro meabaidh forra. Roba dírimh in ro marbadh *ocus* in ro baidedh diobh isin Siuir don cur sin, *ocus* ro sraoinestar madhmanna iomdha oile nach airimther sunn. Ba tigerna erghna colach i Laitin, i mBerla, et i senscretraibh Gaoidilge an Tomas sin. As lais beós tugadh maidhm mor adhbal for Reidh an eich buide for cloinn Carthaigh. An coigeadh lá do (Page 248) mhi Fhebhu ro dichendadh an t-iarla, et bliadain et da fhichit a aois an tan sin, et hi Traigh lí ro h-adhnacht, M.CCCC.LX.UII. Ro dioghail Día an fheall sin forsan tí do roine í .i. for Seon Tipto, uair ro dicendadh eisidhe la h-iarla o Baruic iar-sin.

§2140. Oidedh Semais, iarla, mic Tomais i Raith gaela la Seann mantach mac Giobuin a muigh Tamnach tria fheill *ocus* fionghoil. Ro diogail Día *ocus* daoine an feall soin forsan tí do roine *ocus* ro imtigh gan iartraighe. Roba deacmhaic maithius *ocus* ilgniomha an tSemais sin d'aisneis no d'innisin.

§2141. Muiris an carpuitt mac Tomais do ghabail na h-iarlachta dia eis, M.CCCC.LXX.I. Rob' iolarda a coccadh *ocus* a chathugadh fri Gallaibh *ocus* fri Gaoidhelaibh, et ba h-eisiomh ro buadadh forra, M.CCCC.XC.UII.

§2142. Bas Gearoitt mic Semais, iarla Desmuman, in Aird moir, *ocus* ní ro saoilset a chairde a écc fri h-adhart ar iomat a chath *ocus* a conghal. As é do-choidh slógh lánmhor do dhiogail a brathar for Ghallaibh midhe .i. an Tomhas ro dichendedh i nDroichett atha. Ro loiscedh *ocus* ro creachadh la Geroid (mac Semais, iarla)¹ urmhor Midhe *ocus* Laigen cenmotat a chairde, et do bhris araill dia ccaislenaibh .i. an Caisleán núa et Raith guaire, *ocus* do thobaigh Tomas, iarla Chille dara, for Gallaibh midhe et atha cliath iarna ghabhail i fell doibh. Deithbir dhó cia nó-thisedh i ngúasacht cuirp *ocus* anma día fhoirithin,

¹ Brackets in MS.

ar ba si Siobhan *ingen* Semais iarla ba bainchele dhó, et do éirigh i mbaidh brathairsi et a ccaor *condailbe fri* aroile, et ro fhulaing mac an iarla mor do dhuadh *ocus* do dhochar *for* an sluaigedh sin, *ocus* ro loisecc araill do chrich Buitlerach *don turus* sin .i. Fiodhord, et ro bris madhmanna iomdha oile nach airimhther. Ro h-adhnacht iarna écc *amail* atrubhramor, i *mainistir* na mBrathar mionúr i n-Eóchaill.

§2143. (*Page 249*). Aoís *Christ*, M.CCCCC.XX.II., an tan do gabadh Geroítt iarla Cille dara la h-Eduard Ponis. Ba h-amlaidh tarla *indsin*: Geroid iarla Cille dara et Justis na h-Ereⁿn re h-athaidh imchein do tocht i n-Eirinn et Eduard Ponis ina chaoimthecht ina Justis o righ Saxan, Henri. Ro gheall Eduard ria ttecht i n-Erinn dó comairle iarla Cille dara do denumh et cur lais i n-agaidh gach aoin et tuccsat slana an righ di aroile im chomhall *gach* neith dar gheallsat ina fiadhnaisi. O do ruachtator i n-Erinn ros-lion tnuth *ocus* format Eduard *fris*in iarla ar a thestmoltaibh. Ar aoi ba milis na briatra no-chanadh *fris* *ocus* ba cealgach a croidhe dhó co ro gabadh Geroítt lais fo dheoidh i cuirt an righ i n-Ath cliath. Ba *truagh*, *tra*, an gníom *sin* .i. feall do denomh *for* an tí dar ghiallsat Goill *ocus* Gaoidil Ereⁿn, *ocus* do-rat ratha et túarustal dóiph, et do aitigh na fásaighi do-ronsat Gaoidil *for* Ghallaibh i Laigniph, i muigh Breg^h, *ocus* i Midhe, et do-róine *mainistrecha* *ocus* tempaill *ocus* caislein do togbhail is na fásaighibh *sin* d'aimhdheoin Gaoidel; fer ro erghair goitt et éiccen *ocus* aindligedh slatt et sarugadh re a reimhius i ndEreⁿn. Tainic olc adbal mor *ocus* immedh ettuaingeach i nEreⁿn ais-sidhe. Ro thiom-aircc et ro thionoil an Justis saxanach Goill laigen et midhe et oirghiall et mac iarla Urmuman *ocus* Buitlerai^{gh} ar-chena et MacMurchadha *ocus* Gaoidil laighen *ocus* araill do shiol mBriain. Ba dirimh do-ais-neisi na sluaigh *sin* ar a n-iomait lionmaire. Tangatar i coinne *ocus* hi comhdhail Geraltach co Port lairge do thabairt ghleoidh dhóibh. Ba h-*isin* tan *sin* tanuicc coblach dirimhe i n-Ereⁿn, et at-beirtis an coblach *guruo* h-é mac king Éduard .i. mac righ Saxan tanic ann do chongnamh la h-iarla Desmhuman i n-aghaidh a namhat, et at-bertis Saxanaigh ba gó, et ro oirisestair mac king Éduard i n-Ereⁿn *fri* h-athaidh foda. Tugustar an t-iarla .i. Muiris maithe Geraltach *ocus* a muintire dia shaighidh .i. clann Tomais iarla .i. Tomas, Seaan, Geroid, Geralt, et Sémus mac iarla Cille dara, et an Barrach mor, et an Ridire fionn et Donnchad óg MagCárthaigh, *ocus* maithe cloinne Síthigh, et aroile d'amhsaibh cenmothat; et at-bert an t-iarla ríu calma do denamh i n-agaidh a namhat (*Page 250*)¹ et *gurbhó* maith an fíor catha baoid acu .i. Geroítt iarla Cille do ghabhail i feill *ocus* i meabhail don Justis saxanach, et at-bert ríu *gurbo* dóibh ba dú *ocus* ba díor oireachus *ocus* orlamhus an tíre i mbatar; oir, as é Muiris MacGerailt (o'r gheinset Geraltaigh) do ben an dúthaigh ar eiccin do gasraibh Gaoidel *ocus* do laochraibh Lochlann. Do batar Geraltaigh se lá co n-a n-oidhchibh ag furnaidhe re tacar no re teghmhail d'fagail o Ghallaibh midhe *ocus*

¹ MS = 251

laigen, *ocus noco nfuairset* fo dheoidh. Ba maith an chomhairle *sin*, uair ba lamh i net *gribhe* no nathrach amus catha do thabhairt for Geraltachaibh. O na fuair an t-iarla an tachar do-chuaidh go *crich* Buitlerach; do *creachadh ocus* do *loiscedh*, do *h-iondradh ocus* do *h-airgedh* leis *contae Cille cainnigh* .i. Gabran *ocus* Baile mic antain *ocus* Cnoc an tochair *ocus* Callann, *ocus* ais-sidhein co Cnoc na .u. mile, *ocus* as *sin* siar *gus* an *Ríccoill*; *ocus* ba meinic do-ronsat Geraltachtaigh an obair *sin*, uair do-nidis forbais *ocus* foslongport an tan *sin* i *crich* Buitlérach d'aimdeoin Gall *ocus* Gaoidel Erenn batar ina n-agaidh. Do blodadh et do brisedh leo araill dia ccaislénaibh. Do-choidh, *tra*, Séamus mac iarla Cille dara as an Mumhain ina thir fein amail ba toich dhó do reir ruidhlis na n-iarlath o'r fhas. Ba maith an sen *ocus* an solad ara ndeachaidh i *contae* Chille dara an tan *sin*, úair do ghabustair neart ar a naimdibh don *cur* *sin*, et do-chúaidh i selbh na h-iarlachta do chaithemh et do chosnamh *ocus* ro ghabustair tren et treisi ó Chetharlach co h-Ath luain. Ba h-isin bliadhain *sin* at-bath *contaois* Cille dara, ben Geroitt iarla .i. Allsun Usdas, i n-Ath cliath duiblinne. At-berat aroile *gurab* do chumaidh an iarla at-bath. Bá dainimh, *tra*, d'fhiledhaibh Érenn an scel *sin*.

§2144. O't-chúalaidh rí Saxan co ttainic milledh Erenn *ocus* milledh Midhe *ocus* Laighen an t-sainredh tre ghabhail an iarla, *ocus* nach raibe cert ina dlígedh, *recht* na riagail i n-Erind *acht* cert cáigh amail a nert, ier ngabhail Geróitt iarla don Justis (amail ro raidhs.om), as í comhairle ro chinnestair *ocus* comairle Saxan immaille *fris* cairdes et caradramh do cengal re h-iarla Deasmhuman *ocus* re Geraltachaibh, et clemnus do denamh re h-iarla Cille darae et ionad rígh Saxan do tabhairt i n-Erinn don iarla *ocus* *tigernus* iomdha oile hi Saxaibh. Ba maith an chomhairle do críochnaigedh annsin .i. fer a caithimh *ocus* a cosnaimh do leigen i nd-Érinn. Do airchis Dia do bochtaibh (Page 251)¹ et do aidilgneachaibh a ndoinind an tan *sin*, uair fuaratar na filedha *ocus* na h-uird et na braithre mionurae a n-ithge *ocus* a n-atchuinge o Dhia .i. fer a bfurtachta et a ffoirithne ó gac docomhal do leigen dia saigidh co h-Erinn .i. Geroitt iarla. Do gabh, imorro, luth et lainghairdechus fir Erenn ria thoidhecht *acht* madh a naimhde et a biodhbadha nama Ró gabh an t-iarla cuan *ocus* caladphort i mBeinn etair et do-beart laim fo thoccbail na ttruagh *ocus* fo turnam na ttren, et ni ro fuirigh fri scis a aistir *ocus* a imthechta muiridhe do cor de an tan tanic for sluaigedh i n-uib Drona, et ro loiscedh an tir leis *ocus* do gabh caislen Cethorlaigh, et do-rinne sidh fri MacMurchada iarsin et rucc mac MicMurchada ina braghait fri comhall an t-siodhha *sin* leis; et do-rinne an ccetna fri h-ua cConcobair ffailghe, *ocus* tucatar Gaoidil laigen ar-cena geill *ocus* eideredha dho; conadh amlaidh *sin* do saoradh iarla Cille dara o gach ghuasacht et ro saoilset fir Erenn uile nac tticcfadh dia thir doridhisi co bruinne mbratha. Mo

¹ This page is illegible for the greater part. The portions impossible to decipher in the MS. have been transcribed from M. O'Longan's copy of O'Clery (Academy MS., 3 A 32). O'Longan made this copy in 1875.

ghenar *don* cach bios tiodnaicthech trocaireach dia eisi et darab *conach* a clú et ros-foillsigh naoim Brightit a miorbhaile *for* an iarla *don* chur sin.

§2145. (*Page* 252). Geróitt (.i. a Baile ui suibne) MacGerailt mac Seaain .i. ridamna na nDeisi ndeiscertach d'fagail bhais do ghalar obann la Beltaine do shonradh, anno Domini 1569.

§2146. Muiris MacGerailt rí na nDeisi do écc an dara lá *don* Notlaic, 1574.

§2147. Semus MacGerailt do écc i nDún garbhain an dara la *don* Nodlaicc, 1581.

§2148. Seaan mac Geroitt mic Semais iarla dho écc *isin* Cetaoin ria mBeltoine et do deabatar a derbhairrdhe eitseacht firen dó oir ba ri ar ríoghacht i riagail na firinne é. Ba h-aithghin do Guaire mac Colmain ar feile et fhirinde, ar omeach *ocus* thiodhnacal ag diol dam *ocus* deoradh *ocus* aidhilgneach an Coimdedh do réir accobhair *gach* aoín no-roisedh cuicce eiter mion *ocus* mor. Angaire Lesa móir mochuda et braitre mionura Eocaille do *techt chui*cce dia thimthirecht go Druim enaigh i nnaimsir a eitsechta et a adhnacal i ndEochoill i mainistir na mbrathar mionúr, la fele Marcais suisceal et Dardaoin ar aoi laithe sechtmaine ier mbreith buada ó dhemon *ocus* doman, 1533.

§2149. Semas mac Seaain mic Tomais .i. iarla mor Desmuman do ecc an 27 do mí October, Dia Dardaoin do sonnradh, *ocus* a adhnacal i Traigh lí iar mbuaidh o deaman o *ocus* domhan, 1558. A mac, Geroitt mac Semais mic Seaain, ceithre bliadna .x. a aois indsin.

§2150. Semus na ttionol mac Semais mic Seaain (.i. mac ingheine MegCárthaigh moir .i. Aibhilín na suile gleoir .i. suil dubh *ocus* súil glas) do chor dochum bais hi Corcaigh mhoir mumhan ar forcongra iarla Urmuman, .i. Tomas mac Semais mic Piarais, la Gallaibh, an Luan iar féil Michil, anno Domini, 1580.

§2151. Seaan mac Semais mic Seaain do thuitim la Gallaibh .i. la caiptin Siuit i ndon creidme an Papa, an 24 do mh[i] Ianuair, 1582.

§2152. Semus mac Seaain mic Geroitt oig ó Sroin chaillige do ghabhail imaroen re Seaan mac Semais *ocus* cetramna do denomh de i Corcaigh moir mumhan ; et clann an t-Semais so do dul ar sluaigedh is na Deisib mumhan ier mbas a n-athar, oir roba maith na cinn fhedna iad-sidhe *for* muir *ocus* *for* tir ; *ocus* siol mBriain an cumbraigh .i. Donnchad mac Cinneidigh et Toirrdelbach mac Donnchada, et clann Tomais mic Ruaidri mic Maoil muire MegCraith .i. Tomas óg, Eogan, Ruaidri, do breith orra ag Mám na caertandaighe don taebh toir do abainn Cuilgen et ro-sraoinedh forra et do marbadh nuimir dirimhe dia muintir *ocus* do gabadh triar mac Semuis ann ; .i. Tomas meirgech et Seaan an ghleanda *ocus* Geroitt, et do cuireadh go Dún ngarbain íad, et do crochadh la caiptin Sir Willám Morgan dias dhibh .i. Tomas meirgech et Seaan an glenda ; et do cuireadh Geroitt co Port lairge et ro crochadh tón ccumma cédna *ocus* ro comrondadh ina (*Page* 253)

N

cethramnaibh an 14 do mí Fhebra iar mbás a n-athar .i. *Semus mac* Seaain mic *Geróitt* óicc ó Sroin caillighe, anno *Domini*, 1582.

§2153. *Muiris mac* Seaain mic *Tomais mic Semais mic Geroitt mic* an iarla do marbadh la *Tadhg mac Corpmaic mic Taidhg MegCarthaigh* .i. *tigerna Muscraige mic diarmatta* et la n-a cloinn .i. *Diarmait ocus Corbmac*, et *Muiris* do mharbadh *Donnchad* na baclae *mac Taidhg mic Corbmaic* d'aonbuille ga et cuid d'a luirigh do chur tre n-a corp *don tuinnseamh sin gurbo* marb gan anmain, an .iii. *mad Idus August*, 1564.

§2154. *Mac an Muiris* so .i. *Tomas*, do ecc, anno 1567.

§2155. *Semus*, a dearbrathair oile, do thuitim i n-Uaitne la claimn *William Burc mic Emainn o Caislen ui conuill* .i. *Tepoit ocus Risderd*, et iatt-som do thuitim lassiomh, 1579.

§2156. *Semus mac Muiris mic Geroid* ó *Mhoigh colpta* do thuitim la *Gallaibh eochaille*, an 6. lá do mí *August*, *Dia cedaoin do sonnradh*, 1580.

§2157. *Bas* Seaain *Brun mic Uater mic Seaain mic Pilip* la caiptin *Bouis ocus* la a muintir, *ocus* as *amlaidh tarla indsin* .i. iarla *Deas-mhuman* .i. *Geroit mac Semais mic Seaain* do beith ag *triall ar ammus* *Coille etharlaighe, ocus* caiptin *Bouis* do dhul roime co *Baile na bruigni ocus go Glend laitrigh, ocus* an t-iarla do *ammus* na *sligedh sin, ocus* an caiptin *cona* muintir do eirghe dho annsin et gleó *gaibthech graineamail* do ferthain doibh *fri aroile, ocus sochaidhe* do mnaibh *ocus* do leanbaibh do marbadh do mhuintir an iarla *ocus dream oile* do mhuintir an caiptin, et *Seaan Brun* do thuitim, et *MacMurchada mac Toirrdelbaigh mic Domhnaill* do marbadh ann mar an ccetna ó'n iarlae; an 14. do mí *August indsin, Dia sathuirm sainradh*, 1580.

§2158. *Semus* na ttionol do ghabhail *ocus* a muintir do marbadh, an *Dardaoin riasan tan sin*, la *Corbmac mac Taidg mic Corbmaic tigherna Muscraighe mic diarmada*, an tan sin, et *Semus* do chor docum bais an *Luan iar Fel Michil, iartain*, 1580.

§2159. *Semos mac* Seaain bhailbh mic *Seaain mic Tomais mic* an iarla do marbadh la *Brian dubh mac Donnchadha mic Mathgamhna ui Briain o Charraic* ó ccaindell et la gniomha láimhe *Donnchada mic Domhnaill mic Andae o Druim bainne, in 22 Febru*, 1579.

§2160. *Tomas*, a dearbrathair oile, do thuitim la *Gallaibh* .i. la caiptin *Malbi* i maidhm *Mainistrech* an aenaigh i mis *September*, 1579.

[EARLS OF KILDARE]

§2161. (*Page 254*). *Aois Criost M.CCC.XVI.*, *Seaan mac Tómais* cediaarla *Cille dara* do écc an bliadhain si an 10. la do *September* et a adhnacol i *cCill dara*. *Tigerna o bFailghe, epscop Cille dara, ocus* barun *Geisille eiside*. As e an *Seaan* so *ocus* a ben, .i. dam *Loinsi Roisde, tug mainister S. Augustin amach ar tus* do ráith a n-anma.

§2162. Tomas *mac* Seaain an dara h-iarlae Cille dara do ecc an 10. Mai, *ocus* a adhnacal i cCill darae, *ocus* Siuban a Burc a bhen do adhnacal imaille *fris*, M.CCC.LXXX.

§2163. Muiris *mac* Tomais an treas iarla Cille *dara* do ecc an 15 do August, *ocus* a adnacal i tempall *Criost* i mBaile atha cliath, M.CCCC.XX.UII.

§2164. Geralt *mac* Muiris iarla Cille *dara* do ecc an 17 d'October, *ocus* a adhnacal i Mainistir na n-uile naomh i mBaile atha cliath, M.CCCC.LXX.

§2165. Tomas *mac* Seaain iarla Cille *dara* do ecc la ceidfhele Muire do shunnradh, *ocus* a adhnacal i Mainistir na n-uile naomh i n-Ath cliath, M.CCCCC.XIII.

§2166. Geroitt *mac* Tomais iarla Cille *dara* do ecc an 3 do September, *ocus* a adnacal i tempall *Criost* i n-Ath cliath, M.CCCCC.X.III.

§2167. Geroid *mac* Geroid *mic* Tomais iarla Cille *dara* do ecc an 2 Sep i tor London, M.CCCCC.XXX.IIII.

§2168. Tomas *mac* Geroitt *mic* Geroitt *mic* Tomais do mharbadh i Saxaib las an ochtmad righ diarb' ainm Henri, do nemhthoil na Comairle moire, *ocus* baoi an Tomas *sin* i flaithius amail gach n-iarla co ttorchair amlaidh *sin*, M.CCCCC.XXX.UII.

§2169. Muiris *mac* Geralt, as lais *cedus* do-rata an t-Ord brathar *predicatorum* et minorum co h-Erind *ocus* as lais *con-rotacht* caislen Sligigh 1257.

§2170. Geralt *mac* Muiris tigerna ua fFailghe do ecc i Rath moir an 20 Jul et [a] adhnacal i cCill *dara*, 1256.

(Page 255). GERALTAIGH LAIGHEN

§2171. Geroid m Geroit m Geroith m Tómais m Seaain caimn m Muiris m Tomais m Seaain (ler gabadh an t-iarla *rúadh*) m Tomais (ro búí i Sligeach) m Muiris an oisín m Geruilt m Muiris m Geruilt mhóir.

§2172. As acc an nGeroid so *mac* Tomais ro batar moirseiser mac .i. Hénri, Tomas bacach, Semus, Olimper, Risderd, Seaan, Uater.

§2173. As ag an nGeroid so *mac* Tomais ro baoi díes derblirathar oile .i. Semus *ocus* Tomas og.

§2174. Tomas og *mac* Tomais *mic* Seaain caim, triur *mac* lais .i. Muiris, Seaan, Roibeard. Et ar sliocht an Tomais so ata fear Leacca .i. Muiris *mac* Tómais *mic* Muiris *mic* Tomais oig *mic* Tomais *mic* Seoin chaimm.

§2175. Clann Semais *mic* Tomais *mic* Seoin chaimm .i. Uilliam, Geroid.

§2176. Uilliam *mac* Semais *mic* Tomais *mic* Seoin chaimm.

§2177. Oilimper *mac* Geroitt *mic* Semais *mic* Tomais.

§2178. Muiris *mac* Semais basdard (.i. fer Baile oisberd) *mic* Geralt *mic* Seón basdaird *mic* Tomais *mic* Seoin caimn.

§2179. Remann óg *mac* Tómais *mic* Rémainn *mic* Seoin basdard.

§2180. Tomas *mac* Emainn buidhe *mic* Risdeird *mic* Seoin basdard.

FER BLATHCOLL CCLAONTA

§2181. Risderd, Nioclas, et Semus: clann Seon mic Patraiccín mic Muiris mic Tómais mic Muiris mic Tomais oig.

§2182. Eduard mac Semais mic Seoin mic Patraiccín mic Muiris.

FEAR BELAIN ANVSO

§2183. Muiris mac Piarais mic Oilibeir mic Uilliam oig mic Uilliam mic Tomais mic Muiris mic Tomais mic Seain mic Tomais mic Muiris mic Geruilt.

§2184. Gearoitt mac Tomais mic Seoin chaim, triar derbrathar lais .i. Semus, Tomás óg, Seón .i. mac basdaird ó tangatar na slechta so .i. fer Baile oisberd, mar ata Muiris mac Semais mic Geroitt mic Tomais mic Seoin *caim*.

§2185. Geralt mac Seon mic Tomais mic Seoin *caimm*.

§2186. Remann og mac Tomais mic Rémainn mic Seon, et Tomás mac Emainn buidhe mic Risdeird mic Seon.

§2187. As ag an Tomas so mac Muiris ro batar ceithri mic .i. Geralt (ro baoi gan cloinn *acht* aoininghen *ocus* ro *posadh* í re *Sémus finn* .i. iarla Urmhuman) et Seon *camm*, et Muiris (ó ttainic sliocht Blathcall ccláonta .i. Eduard mhac Semais) et Tomas *buidhe* (o tainic sliocht MegTomais et sliocht Seain *ocus sliocht Uilliam* oicc et sliocht Semuis *amhlaidh* .i. Semus mac Geroitt mic Seain mic Uilliam mic Tomais).

(Page 256). FER DHÚIN ÚABHAIR

§2188. Semus m Geruilt m Seain m Uilliam oig m Uilliam m Tomais.

SLIOCHT SEMAIS

§2189. Brian m Risdeird m Emainn m Semais m Uilliam m Tomais.

§2190. Derbraithre don Brian *sin Émann mac Risdeird* et Nioclas mac *Risdeird* et Geroitt mac *Risdeird*.

[EARLS OF DESMOND]

§2191. Aois *Criost 1048*¹ an tan testa bainceile iarla Desmhuman .i. Semus mac Seain mic Tomais, et as i an baincele .i. Mor inghen Maol ruanaidh mic Seain ui Cerbhaill, *ocus* ni deachaidh Mor riam d'ecc robadh mo do scél inas an Mhor *sin acht* nama Mor muman no ingen an *Deing* mic Mag Duail, et *cetera*.

[EARLS OF KILDARE]

§2192. Do ba derbsiur do gam Sioban a Burc .i. ingen an Íarla Ruaidh, ben Roiberd a Brius, et as ag Tomas mac Seain an dara

¹ sic 1548 added in a modern pencilled hand.

h-iarla Cille dara *ocus* Justis na h-Ereinn *ocus* tigerna o iFailghe ro baoi Sioban a Burc inghen an Iarla Ruaidh (diarbo h-ainm *Risderd*) et as e Geróitt *mac* Geroid *mic* Geroid an naomhadh glún o *Risderd* a Burc i. iarla Uladh dia ngoirthi an t-Iarla *Rúadh*.

§2193. An dara king Henri rí *Saxan*, an 17 do December do gabh righe, anno *Domini* 1154. Ro baoi ridire uasal hi remhius an righ *sin* diaruó comainm Geralt *mac* Roibeird. As é ionadh i rugadh an Geralt *sin* i Windsior, *conadh* aire *sin* do goiredh *Geraldus* de Windsior de, et do baoi prionnsa Breatan neamumhal do rioghaip *Saxan* antan *sin* et go sonradhach don dara king Henri. Do chuir se Geralt de Windsior (Windsior .i. ardchathair rioghachta righ *Saxan* an tan *sin*) ina generail sluaigh co sluaigh lanmhor imaille *fris* co Bretnaib dia ttabairt fo umhla et fo aittitin dó. O do-cuaidh, imorro, Geralt *isin* *urus* *sin* tria *forcongra* an righ fair ro bhuadaigh gach cath et gach *congal* for Breatnaibh *co* nderna tir caorac do Bretna uile *fri* sidh *ocus* *fri* sámhe gur toibghestair cíos *ocus* dligedh righ *Saxan* orra dia n-aimdeoin; et tug mnaoi *etarra* iarsin .i. ingen ridire ro-uasail .i. Nesda a h-ainm, et as i ropa *mathair* do Roibert *mac* Stiamhna *ocus* d'epscoib S. Dauith, et ruce sí clann don Gherailt *sin* .i. Muiris et Uilliam.

§2194. Ruccadh clann don Uilliam *sin* .i. Remann da la Gros et Griffin o n-abar Carrac meg grifin .i. Carracc na Siuire.¹

§2195. Iar bforbadh et iar ccricheugadh an ghabhaltais *sin* *isin* mBretna, amail adubhrannur, ro fhas iaromh deabaidh *ocus* imresain eiter Erendchaibh fadheisín .i. eiter MacMurchadha rí Laigen diarbho comainm Diarmait na nGall *mac* Donnchadha *mic* Murchada *mic* Diarmada *mic* Donnchadha (.i. Maol na mbo) *mic* Diarmada *mic* Domnaill *mic* Ceallaigh *mic* Cionaetha et o Ruairc (.i. Tigernáin) im cenn inghine Murchada *mic* Aedha (Page 257) *mic* Donnchada *mic* Domnaill *mic* Ualgaircc; co ttainic don imresain *sin* MacMurchadha do dhul co Saxaibh do cuingidh sochraide sluaigh forra *ocus* ro geall aisgedha aidhble do maithibh Gall *saxan* et don rí fadhesin. Do-cuatar, imorro, maithe *Saxan* in aoncomairle *dus* cidh do-ghendais imon caingen *sin* MicMurchadha *ocus* as edh adubhrattor d'aithescc aoinfhir gurbo coir MacMurchadha do chobhair *ocus* *congnamh* sloigh et sochraide do chor lais do saigidh Ereinn.

§2196. Ro h-iomraidedh ag maithibh *Saxan* cia *badh* coir do cor la MacMurchadha *conadh* fair desidh leo fa deoidh *mac* *ocus* oidhre Gerailt mhoir *mic* Roiberd .i. Muiris *mac* Gerailt, oir nir bo tualaing Geralt feisín iomluadh arm an tan *sin* ar a arsaidheacht. Tanic, imorro, Muiris *mac* Gerailt et Roiberd *mac* Stiamhna (*mac* a mathar) et Remann de la Gros (*mac* a derbrathar) et morán oile *nach* airimhter annso do denamh gabhaltais i nEreinn ar furaileamh righ *Saxan*. Acht chena, ro ba tusga Roiberd *mac* Stiamhna *ocus* *Risderd* iarla Strangboo co h-Eirinn et Diarmait na nGall diarbo h-ainm MacMurchadha oldas Muiris *mac* Gerailt.

¹ *Cairg mc grifinn. Cairg ui ghrofa, Cairg nadh siuireddh in marg., man. recent.*

§2197. As iat clann an Muiris *sin* .i. Geralt, *Alustrann*, *Uilliam*. Et ni raibhe clann ag *Alustrann*, ina ag *Uilliam acht* da mhac, ina ag Geralt *acht* aenmhac .i. *Muiris mac Gerailt*, et ar a sliocht *sidhe* atat *Geraltaigh* na h-*Ereinn*, toir et tíar ; *ocus* as e Geralt *mac Muiris mic Gerailt* fuair Magh nudhat et an Rath mor et Teach sraffain et Tegh tuagh et uib *MacCaille ocus Innsi* úi cuinn et ui *Glaisin ocus Cairpre connacht* ; et as é *Seon mac king Henri* tug na fearoinn *sin* do Geralt *mac Muiris mic Geruilt amail ro batar* ag a brathair roimhe .i. ag *Alustrann mac Muiris mic Geruilt mhóir* (o n-abarthar *Geraltaigh*) *mic Roibeird mic Uilliam mic Muiris mic Seon mic Roibeird moir* o *Woindsir*. Aeis an *Tigerna* an tan tug *Seon mac king Henri* na ferainn so do Geralt *mac Muiris mic Gerailt*, M.C.XC.IX., et an .x. ix. do *October* et *Dia dardaoin* do *sonnradh* ar aoi laithe *sechtmhaine*, et *cetera*.

ALA DHUL FOR GEINELACH IARLA CHILLE DARA

§2198. Geroid (an t-áonmadh iarla .x., *Elizabeth Gras ingen* do *Marcas Dorsitur a mathair*) m *Geroid* (an .x. madh iarla *ocus Justis* na h-*Ereinn* ; *Allsun ingen mic Sir Éduard Iusdas a mathair*) m *Geroid* (an náomadh iarla *ocus Justis* na h-*Ereinn* ; *ingen* iarla *Desmhuman a mathair* .i. *Sioban* cam *ingen Semais*) m *Tomais* (an t-ochtmdhadh iarla) m *Seoin chaimm* (an sechtmadh iarla ; *ingen* *Lord Burbaois a mhathair*) (*Page 258*) m *Muiris* (an seisedh iarla) diarbho *mac Geroid iarla* (.i. an cúiccedh iarla) m *Tomais* (an cethramad iarla) m *Muiris* (an tres iarla) m *Tomais* (an dara h-iarla et *Justis* na h-*Ereinn* et tigherna ó fFailge, et gam *Blonsi Roisde a mathair*, et gam *Siobán* a *Burc* a ben, inghen an *Iarla ruaidh* .i. *Risderd*) m *Seaain* (céidiarla *Cille dara*) m *Tomais* m *Muiris* m *Gerailt* (tigherna o fFailge) m *Muiris* (.i. *Justis* na h-*Ereinn* fri re dhá bliadhan .i.at) m *Gerailt moir* (o n-abarthar *Geraltaigh*) m *Muiris* m *Seon* m *Roibert* m *Uilliam* m *Roibert moir* o *Woindsir*.

§2199. Acc so clann mathar *Muiris mic Geruilt* .i. *Roiberd mac Stiamna* et *Muiris mac Gerailt fein* et *Uilliam mac Gerailt* et *Henricus mac Henri ocus Milis* .i. *epscop* *S. Daut* i mBreatainib. *Nesda ingen Resires moir prionnsa Breatan mathair* an coigir *sin*.

§2200. Clann *Muiris mic Gerailt* .i. *Uilliam*, *Geralt*, *Alaxandair*.

§2201. Clann *Roiberd mic Stiamna* : *Ruf ocus Mereduc*.

§2202. Clann *Henricus mic Henricy* .i. *Mailir* et *Roibert*.

§2203. Clann *Uilliam mic Geruilt* .i. *Remann de la gros* (.i. *remar*) et *Griffin*.

§2204. Clann *deirbhseatar mic Geruilt* .i. *Roibert do Barra ocus Uater ocus maighistir Geroitt*.

§2205. *Muiris mac Geruilt mhóir*, as *cisidhe cettna riacht Erin* do *Geraltachaibh* ar *tus*. It iad *anmanna* na ndaghdaoine *tanic* co h-*Eirind* imaroen re *Diarmait* na ngall .i. *Seon mac righ Saxan*, et *Roibert mac Stiamhna derbbrathair righ Saxan* et *mac mathar do Muiris amail adubramur, ocus Muiris mac Gerailt*, et *Remann de la*

gros, et iarla Strangboo, et Uilliam da la Maur, et Gillebert caoil *uscui*, et Riocard mac *Sir Risdéird* athair Siurtain moir na Gaillmhe a quo clann tSiurtain.

§2206. Mic Oiribeirt *occus* Muraigh ar sliocht Uilliam da la Muir.

§2207. Barún Nogla *ocus* Diolmainigh machaire cuirne et mic Goisdealbaigh ar sliocht Gillibeirt caoil *uscui*.

§2208. An Grasach *ocus* Mac Muiris ciarraighe ar sliocht Remainn de la gros.

§2209. Roibert mac Stiamna, as úadha atatt clann tSleimhne ngach ionad a ttátt.

§2210. (Page 259). Geralt mor. Uilliam mac Gerailt. Remann de la gros et Griffin, da mac Uilliam.

§2211. Muiris mac Geruilt. Da bliadan .i. at ina Justis uas Erind don Muiris so mac Gerailt. Triar mac la Muiris mac Gerailt mhoir .i. Uilliam, Geralt, Alaxanduir.

§2212. Geralt mac Muiris. Áonmhac la Geralt mac Muiris .i. Muiris; et do bi an Geralt so ina Justis ós Erinn *ocus* do h-adhnaicedh iarna ecc i mainistir Sligigh he.

§2213. Muiris mac Geruilt. Do bí an Muiris so ina Justis inn Erinn, et an tan fa h-aosmar do-chuaidh isna braithribh *ocus* aderau gur naomhadh e fa dheóidh.

§2214. Tomas mac Muiris. Tomás mac Muiris. barún Gésille. Ro bui an Tomas so ocht mbliadna ina Justis i n-Eirinn.

§2215. Seaan mac Tomais, cediaarla Cille dara. Ro baói an Seaan so ina Jústis uas Eirinn, *ocus* as i roba ben do .i. gam Blonsi de Roisde et rug mac do .i. Tomas mac Seaain.

§2216. Tomas mac Seaain. Risderd mac Tomais. Tomas mac Seaain, an dara h-iarla. Siuban a Burc a ben .i. ingen iarla Uladh. Rug sí días mac dho, Risderd, et Muiris, *ocus* iar n-ecc Tomais et a mhna ro h-adhnachadh iet i mainistir Cille daro, anno 1328.

